

Tá an Coimisiún Eorpach ag lorg aistritheoirí Gaeilge ar chonarthaí sealadacha

Bíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh ag plé le raon leathan réimsí beartais, mar atá cúnaimh forbartha a sholáthar agus an t-athrú aeráide a chomhrac, an choireacht eagraithe a chosc agus cearta mionlach a chinntiú, chomh maith le taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach. Tá aistritheoirí ag croílár na ngníomhaíochtaí sin mar go n-aistríonn siad téacsanna i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, rud a neartaíonn an chumarsáid agus a chuidíonn le saoránaigh tuiscint a chur ar ról an Aontais Eorpaigh ina saol. Bíonn aistritheoirí ag obair le téacsanna casta polaitiúla, eacnamaíocha, airgeadais, eolaíocha agus teicniúla a chumhdaíonn gach ábhar a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

Faoi láthair, tá an **Coimisiún Eorpach** ag lorg **Aistritheoirí Gaeilge** (grád AD 5). Na haistritheoirí a earcófar, aistreoidh siad doiciméid ó Bhéarla go Gaeilge.

Is féidir go dtairgfear conradh sealadach ceithre bliana do na hiarrthóirí a n-éireoidh leo, conradh is féidir a athnuachan go ceann uastréimhse dhá bhliain. Má éiríonn leat, is in áitribh an Choimisiúin in Éirinn (an Ghráinsigh, Co. na Mí) nó sa Bhruiséil a bheidh tú lonnaithe.

Ní mór d'iarrthóirí oiriúnacha a bheith ina saoránaigh den Aontas Eorpach agus sáreolas ar an nGaeilge agus eolas cuimsitheach ar an mBéarla a bheith acu. Ina theannta sin, is gá dóibh céim ollscoile **trí bliana ar a laghad** a bheith bainte amach acu in aon disciplín.

Beidh tú in ann tairbhiú de shaineolas institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, agus iad mar fhostóir agat, agus beidh go leor deiseanna foghlama ar fáil duit agus deiseanna do scileanna a fheabhsú agus do ghairmréim a fhorbairt. Bunphrionsabail de chuid an Aontais Eorpaigh is ea iad meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus cur chun cinn comhdhiseanna. Beidh tú ag obair i gcomhar le daoine eile i dtimpeallacht ilchultúrtha idirnáisiúnta ilchineálach chun leas a dhéanamh do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, beagnach 450 milliún duine, agus tuilleadh nach iad.

Tá tuilleadh eolas mionsonraithe faoi na cáilíochtaí agus faoin taithí oibre shonrach is gá, faoin bpróiseas roghnúcháin agus faoin bpróiseas iarratais ar fáil, ach dul chuig translators.eu-careers.eu. Tá tuilleadh eolais faoi bheartas EPSO maidir le deiseanna comhionanna ar an leathanach [comhdhiseanna](#).

Is féidir iarratas a dhéanamh ón **13 Feabhra** agus is é an **17 Márta 2020** ar 12.00 (meán lae) am na Bruiséile an sprioc-am.

Tagairt: COM/TA/AD/03/20

Is féidir EU Careers a leanúint ar [Facebook](#), [Twitter](#), [LinkedIn](#), [YouTube](#) agus [Instagram](#)